# An Bille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2026

# Forty-first Amendment of the Constitution (Right to Housing) Bill 2026

*Mar a tionscnaíodh*

*As initiated*

[Uimh. 34 de 2026]
[No. 34 of 2026]

**FORTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO HOUSING) BILL 2026**

*As initiated*

CONTENTS

Section

1. Amendment of the Constitution
2. Citation

SCHEDULE

Part 1

Part 2

[No. 34 of 2026]

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS DAICHEAD AR AN mBUNREACHT (CEART CHUN TITHÍOCHTA), 2026**

*Mar a tionscnaíodh*

CLÁR AN ÁBHAIR


Alt

1. An Bunreacht a leasú
2. Lua

AN SCEIDEAL

Cuid 1

Cuid 2


[Uimh. 34 de 2026]

**FORTY-FIRST AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (RIGHT TO HOUSING) BILL 2026**

# Bill

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend the Constitution:

**Be it therefore enacted by the Oireachtas as follows:**

**Amendment of the Constitution**

**1.** The Constitution is hereby amended as follows:

(a) the Article, the text of which is set out in *Part 1* of the *Schedule*, shall be inserted after Article 40 of the Irish text; and

(b) the Article, the text of which is set out in *Part 2* of the *Schedule*, shall be inserted after Article 40 of the English text.

**Citation**

**2.** (1) The amendment of the Constitution effected by this Act shall be called the Forty-First Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Forty-first Amendment of the Constitution (Right to Housing) Act 2026.

**AN BILLE UM AN AONÚ LEASÚ IS DAICHEAD AR AN mBUNREACHT (CEART CHUN TITHÍOCHTA), 2026**

# Bille

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

**Achtaítear ag an Oireachtas ar an ábhar sin mar a leanas:**

**An Bunreacht a leasú**

**1.** Leasaítear an Bunreacht leis seo mar a leanas:

(a) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 40 den téacs Gaeilge; agus

(b) cuirfear an tAirteagal a bhfuil an téacs de leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal* isteach i ndiaidh Airteagal 40 den téacs Sacs-Bhéarla.

**Lua**

**2.** (1) An tAonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht a thabharfar ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2026 a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### Part 1

Airteagal 40A

1. Admhaíonn an Stát an bhuntábhacht don cháilíocht saoil a bhaineann le teaghais a bheith ag an duine agus go ndéantar, le rochtain ar thithíocht leordhóthanach, leas an phobail a chur chun cinn trí fhorbairt cóngas teaghlaigh, comhdhaonnach agus pobail a éascú.

2. Uime sin, ráthaíonn an Stát do gach saoránach ceart chun rochtain a bheith aige nó aici ar thithíocht leordhóthanach agus gabhann sé air féin an ceart sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.

### Part 2

Article 40A

1. The State recognises that having a home is of fundamental importance to quality of life and that access to adequate housing, by facilitating the development of family, social and community relationships, promotes the common good.

2. The State therefore guarantees to every citizen a right of access to adequate housing and pledges, as far as practicable, by its laws to protect and vindicate that right.

## AN SCEIDEAL

### Cuid 1

Airteagal 40A

1. Admhaíonn an Stát an bhuntábhacht don cháilíocht saoil a bhaineann le teaghais a bheith ag an duine agus go ndéantar, le rochtain ar thithíocht leordhóthanach, leas an phobail a chur chun cinn trí fhorbairt cóngas teaghlaigh, comhdhaonnach agus pobail a éascú.

2. Uime sin, ráthaíonn an Stát do gach saoránach ceart chun rochtain a bheith aige nó aici ar thithíocht leordhóthanach agus gabhann sé air féin an ceart sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe sa mhéid gur féidir é.

### Cuid 2

Article 40A

1. The State recognises that having a home is of fundamental importance to quality of life and that access to adequate housing, by facilitating the development of family, social and community relationships, promotes the common good.

2. The State therefore guarantees to every citizen a right of access to adequate housing and pledges, as far as practicable, by its laws to protect and vindicate that right.

Forty-first Amendment of the Constitution (Right to Housing) Bill 2026

# BILL

*(as initiated)*

*entitled*

An Act to amend the Constitution.

*Introduced by Deputy Rory Hearne,*

25*th March,* 2026

An Bille um an Aonú Leasú is Daichead ar an mBunreacht (Ceart chun Tithíochta), 2026

# BILLE

*(mar a tionscnaíodh)*

*dá ngairtear*

Acht chun an Bunreacht a leasú.

*An Teachta Ruairí Ó hEachthiarna a thug isteach,*

25 *Márta,* 2026

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 342261